# Cé a dúirt é?

**Éist leis na comhráite. Cén cainteoir a dúirt gach abairt sa chéad cholún?**

**Cuir tic sa bhosca ceart.**

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| Thaitin an áit go mór liom. | | | | | |
| Ní raibh na daoine róchairdiúil. | | | | | |
| Bhí an t-árasán róbheag. | | | | | |
| Chuaigh mo chara Oisín liom. | | | | | |
| Bhí an aimsir róthe. | | | | | |
| D’fhan muid in óstán deas. | | | | | |
| Beidh mé ag dul go Cúba an mhí seo chugainn. | | | | | |

# Cé a dúirt é?
# Léigh amach é!

**Éist liom agus líon na bearnaí sa dá sliocht seo a leanas.**

**Ansin, léigh an dá sliocht amach os ard.**

1. Bhí mé _____ ____________ le m'fhear céile. Thaitin an áit liom – bhí muid ag fanacht i __________ ___________ faoin tuath. Tá an tír go hálainn agus bhí na hIodálaigh an-chairdiúil. Ar an drochuair, ____ ____________ an aimsir go maith - bhí sé ______ agus gaofar agus _____________ fiú. Bhí mé sásta leis an lóistín – d'fhan muid _____ ____________ deas, compordach agus bhí dinnéar _________ againn gach oíche.

2. Bhí mé ____ ____________ cúpla mí ó shin. Chuaigh mo chara Oisín liom. _______ muid i mbrú i sráidbhaile beag ___ ______ ___ Bordeaux. Thaitin an bia go mór liom agus bhí na Francaigh _______________. Bhí an ___________ go hálainn freisin – te agus _______________. Chaith muid na laethanta cois farraige ___ _________, ag léamh agus ag dul go dtí na tithe tábhairne san ____________.

**Tá an dá abairt seo sna sleachta thuas:**

*Bhí na hIodálaigh an-chairdiúil.*
*Bhí na Francaigh an-chairdiúil.*

**Críochnaigh na habairtí seo a leanas.**

a. Bhí mé sa Spáinn. Bhí _________________________ an-chairdiúil.
b. Bhí mé i Meiriceá. Bhí _________________________ an-chairdiúil.
c. Bhí mé in Éirinn. Bhí _________________________ an-chairdiúil.

**Cad is brí leis an abairt:** *Bhí mé sásta leis an lóistín***? Déan plé ar an abairt le do pháirtnéir agus ansin cum trí abairt eile cosúil leis, mar shampla:** *Bhí mé sásta leis an áit***. Ná dearmad: leis + an = urú.**

**Sliocht 1**

Bhí mé san Iodáil le m'fhear céile. Thaitin an áit liom – bhí muid ag fanacht i mbaile beag faoin tuath. Tá an tír go hálainn agus bhí na hIodálaigh an-chairdiúil. Ar an drochuair, ní raibh an aimsir go maith - bhí sé fuar agus gaofar agus fliuch fiú. Bhí mé sásta leis an lóistín – d'fhan muid in óstán deas, compordach agus bhí dinnéar deas againn gach oíche.

**Sliocht 2**

Bhí mé sa Fhrainc cúpla mí ó shin. Chuaigh mo chara Oisín liom. D'fhan muid i mbrú i sráidbhaile beag in aice le Bordeaux. Thaitin an bia go mór liom agus bhí na Francaigh an-chairdiúil. Bhí an aimsir go hálainn freisin– te agus grianmhar. Chaith muid na laethanta cois farraige ag snámh, ag léamh agus ag dul go dtí na tithe tábhairne san oíche.